

Fiosrúchán maidir leis an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla)

(IN-19-12-8)

Dáta an Chinnidh: 21 Bealtaine 2020

Cuireadh tús leis an fhiosrúchán seo maidir le haon sárú amháin ar shonraí pearsanta a chuir Tusla in iúl don DPC. Tharla an sárú maidir le sonraí pearsanta nuair a scríobh oibrí sóisialta de chuid Tusla litir chosanta d'iar-pháirtí duine aonair a raibh líomhaintí maidir le drochíde déanta ina aghaidh/ina haghaidh. Bhí sé mar chuspóir leis an litir seo an t-iar-pháirtí a chur ar an eolas maidir leis an drochíde líomhnaithe agus comhairle a chur uirthi maidir le nósanna imeachta cosanta ar mhaithe le sábháilteacht leanúnach a chinntiú. Mar sin féin, bhí ainmneacha triúr duine aonair a rinne na líomhaintí agus mionsonraí maidir leis na líomhaintí a bhí déanta sa litir. Ina dhiaidh sin roinn an t-iar-pháirtí grianghraf den litir chosanta ar na meáin shóisialta.

- De réir an chinnidh, sháraigh Tusla Airteagal 32(1) den GDPR nuair nár cuireadh bearta eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun leibhéal slándála cuí a chinntiú i leith an riosca a chuir a cuid oibríocht próiseála maidir le litreacha cosanta i láthair
- De réir an chinnidh, sháraigh Tusla Airteagal 33(1) den GDPR freisin nuair nár cuireadh an DPC ar an eolas maidir leis an tríú sárú gan mhoill mhíchúí.

Na cumhachtaí ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm

- Forchuireadh leis an gcinneadh fineáil de €40,000 ar Tusla maidir leis na sárúithe ar Airteagal 32(1) agus Airteagal 33(1).
- Ordaíodh, leis an gcinneadh, do Tusla a cuid oibríochtaí próiseála a chur ar bhonn comhlíonta le hAirteagal 32(1) den GDPR trí bhearta eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm le leibhéal slándála cuí i leith an riosca a chinntiú.
- Eisíodh, leis an gcinneadh, iomarduithe do Tusla maidir le sárúithe Airteagail 32(1) agus 33(1) den GDPR.